Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2023**
**(OR. en, it, pl)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0197(COD)**

**6740/23**
**ADD 1 REV 3**

**CODEC 247**
**CLIMA 96**
**ENV 167**
**TRANS 70**
**MI 135**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí nua tráchtála éadroma i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráitis ón Iodáil**

Ráiteas 1

Aontaíonn an Iodáil leis an gcuspóir dícharbónú a dhéanamh ar an earnáil iompair de bhóthar agus tá sí lántiomanta é a bhaint amach, ós rud é gur den riachtanas astaíochtaí $CO_2$ na hearnála sin a laghdú chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach, go háirithe na hastaíochtaí ó charranna paisinéirí agus ó fheithiclí saothair éadroim.

Creidimid gur gá an dícharbónú san earnáil iompair de bhóthar a shaothrú i gcomhréir le prionsabail aistrithe atá inmharthana go heacnamaíoch agus cothrom go sóisialta i dtreo astaíochtaí nialasacha agus na neodrachta teicneolaíche.

Is cinnte go bhfuilimid i bhfách le leictriú feithiclí éadroma. Ní chreidimid, áfach, gur cheart gurb é seo an t-aon chonair sa chéim idirthréimhseach i dtreo astaíochtaí nialasacha a bhaint amach.

Tá gá le hathruithe móra ar fud na hearnála mótarfheithiclí chun leictriú a dhéanamh, rud is gá a phleanáil agus a threorú leis an aird chuí chun éifeachtaí neamh-inmhianaithe eacnamaíocha, tionsclaíocha agus sóisialta a sheachaint. Is le daoine ar bheagán ioncaim carranna ina bhfuil innill dócháin agus beidh siad i gcúrsaíocht i ndiaidh 2035 go fóill. Beidh an rath a bheidh ar charranna leictreacha ag brath go mór ar an gcaoi a n-éireoidh siad inacmhainne do na saoránaigh sin.

Idir an dá linn, ligfear leis an neodracht theicneolaíoch do na Ballstáit úsáid a bhaint as na réitigh go léir atá ar fáil dóibh chun an earnáil iompair a dhícharbónú, de réir a ndálaí agus a bpointí tosaithe náisiúnta féin. Cinnteofar le húsáid breoslaí in-athnuaite, atá comhoiriúnach d’innill dócháin, go dtiocfaidh laghdú láithreacha ar astaíochtaí gan íobairtí eacnamaíocha neamhréireacha a cheangal ar shaoránaigh. Os a choinne sin, d’fhéadfadh sé nach nglacfadh an margadh leis an leictriú dá mbeadh éigeantas i gceist, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do tháirgeoirí gluaisteán agus veaineanna. Chuirfeadh sé cosc chomh maith ar fhorbairt theicneolaíoch inneall hibrideach ar beag an dochar a dhéanann siad don chomhshaol.

Ó thaobh na tionsclaíochta de, má mhéadaítear an t-éileamh ar bhreoslaí in-athnuaite, tabharfar deis thábhachtach don earnáil pheitriceimiceach í féin a chur in oiriúint don chás nua.

Agus cuspóir laghdaithe 100 % ar astaíochtaí bunaithe do 2035, agus gan aon dreasacht a bheith beartaithe d’úsáid breoslaí in-athnuaite, níl an Rialachán atá beartaithe i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche. Ní féidir leis an Iodáil tacú leis dá réir sin.

Níor mhiste dúinn a thabhairt le fios go bhfuil an sprioc laghdú 100 % a dhéanamh ar astaíochtaí ag brath ar roinnt dálaí éagsúla, lena n-áirítear:

– slabhra luacha a fhorbairt le haghaidh mótair leictreacha agus ceallraí leictreacha san Aontas;

– soláthar inbhuanaithe agus éagsúlaithe na n-amhábhar a bhfuil gá leo;

– bonneagar leordhóthanach athluchtaithe agus athbhreoslaithe;

– uasghrádú ar an eangach leictreachais ionas go mbeidh sé in ann ag an méadú ar an éileamh;

– oiriúnú na hearnála mótarfheithiclí ina hiomláine, lena n-áirítear trí na scileanna riachtanacha a sholáthar;

– glacadh sa mhargadh le feithiclí nua, ar cheart iad a bheith ar fáil ar phraghas inacmhainne, go háirithe do na teaghlaigh agus na tomhaltóirí is leochailí.

Mura mbainfear dálaí den sórt sin amach, nach bhfuil a gcomhlíonadh ag brath ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2019/631, agus air sin amháin, agus a cheanglóidh infheistíocht shuntasach agus bearta cúitimh suntasacha, beidh tionchar fíorghéar ag an gcuspóir i dtéarmaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, agus ar uathriail straitéiseach an Aontais.

Tugaimid dár n-aire sa mhéid sin gur cur chuige rialála den chuid is mó a bhí i gcur chuige an Aontais i leith earnáil na ngluaisteán go dtí seo, ach go bhfuil pleananna spreagtha glactha ag na Stáit Aontaithe (leis an IRA) agus ag an tSín freisin.

Creidimid dá bhrí sin gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí, go háirithe a FBManna, agus úsáid á baint as na hacmhainní reachtacha agus airgeadais go léir atá ar fáil;

– faireachán agus tuairisciú tráthúil cuimsitheach a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo astaíochtaí nialasacha ó shoghluaisteacht ar bhóithre, agus na himthosca go léir a chuireann le haistriú costéifeachtach cóir á measúnú, lena n-áirítear measúnú ar bhearnaí féideartha cistiúcháin, mar a leagtar amach sa Rialachán (airteagal 14a);

– a áirithiú, ar bhonn an fhaireacháin, an mheasúnaithe agus an tuairiscithe dá dtagraítear thuas, go ndéanfar athbhreithniú ceart stuama ar na spriocanna in 2026, dá bhforáiltear sa Rialachán (Airteagal 15);

– obair leantach a dhéanamh ar an bhforáil maidir le clárú feithiclí, tar éis 2035, a bhreoslaítear go heisiach le breoslaí astaíochtaí nialasacha $CO_2$ (aithris 11);

– togra a dhéanamh chun sásraí a chur san áireamh sa Rialachán lena ndéantar cuntas ar na tairbhí a bhaineann le breoslaí in-athnuaite ó thaobh laghdú ar astaíochtaí $CO_2$.

Ráiteas 2

Tugann an Iodáil dá haire an ráiteas i scríbhinn ón gCoimisiún maidir le haithris 11 den Rialachán nua maidir le hastaíochtaí ó ghluaisteáin agus veaineanna a bhaineann le feithiclí ina bhfuil innill dócháin inmheánaigh a chlárú tar éis 2035, ar feithiclí iad a oibreoidh ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Is forbairt dhearfach é go n-aithníonn an Coimisiún gur féidir na feithiclí sin a chlárú fós agus go gcuideoidh siad, dá bhrí sin, leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí a leagtar síos sa Rialachán a bhaint amach.

Measaimid gur freagairt í an chéim seo ar an iarraidh a rinneadh i ráiteas na hIodáile an 28 Feabhra i mbliana, as ar eascair cur siar na vótála ar an Rialachán atá á thíolacadh anois le haghaidh measúnaithe atá á ndéanamh ag na Ballstáit.

I ndáil leis sin, tugaimid dár n-aire gealltanas an Choimisiúin aithris 11 a chur chun feidhme roimh an athbhreithniú ar chuspóirí an Rialacháin atá beartaithe do 2026, trí thograí le haghaidh reachtaíochta a thíolacadh sna míonna atá díreach amach romhainn.

I bhfianaise na hoscailteachta sin, d’iarr an Iodáil go ndéanfaí plé níos doimhne idir na Ballstáit, lena gcumhdófar na réitigh uile atá ar fáil, le bheith níos éifeachtaí.

Ar thaobh amháin, is díol sásaimh dúinn an cinneadh chun athmhachnamh a dhéanamh ar innill dócháin inmheánaigh, rud atá riachtanach d’inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta go leor tíortha an Aontais; ar an taobh eile, measaimid go nglacann an Coimisiún, agus é ag soláthar breoslaí sintéiseacha amháin ina ráiteas dó, léirmhíniú atá róshriantach, rud nach gceadaítear leis fós prionsabal na neodrachta teicneolaíche a chur chun feidhme go hiomlán, prionsabal ar throid an Iodáil ina leith riamh ar bhonn sonraí teicniúla agus eolaíocha.

Creidimid gur féidir bithbhreoslaí a chur san áireamh freisin i gcatagóir na mbreoslaí atá neodrach ó thaobh cothromaíocht fhoriomlán $CO_2$ agus a chuireann le dícharbónú na hearnála de réir a chéile.

Dá bhrí sin, déanfaimid gach iarracht, i gcomhthéacs na nósanna imeachta chun na gníomhartha reachtacha dá dtagraítear ag an gCoimisiún a fhormheas, chun a áirithiú go measfar bithbhreoslaí a bheith ina mbreoslaí atá neodrach ó thaobh carbóin de agus, le súil go mbeidh tuilleadh plé tairbheach ann, staonfaimid ó vótáil ar an gcinneadh deiridh ón gComhairle seo.

**Ráiteas ón bPolainn**

Cuireann an Pholainn go láidir i gcoinne ghlacadh an ghnímh reachtaigh seo.

Níl sí i bhfabhar na dtáillí ná na n-ualaí nua atá á gcur ar shaoránaigh, e.g. tríd an gcostas ar rochtain ar bhreoslaí a mhéadú. Ba cheart aon chostais bhreise a eascraíonn as na hualaí nua a chur ar mhonaróirí seachas ar shaoránaigh. Ba cheart do reachtaíocht an Aontais dreasacht a thabhairt do mhonaróirí gluaisteán feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur ar fáil ar an gcostas is ísle is féidir do shaoránaigh. Ba cheart a chur san áireamh sa reachtaíocht freisin dálaí éagsúla na mBallstát aonair, ionas nach ndéanfar srathú sóisialta, bochtaineacht nó eisiamh sóisialta a ghéarú.

Ba cheart a chur san áireamh sna treochtaí darb aidhm astaíochtaí feithiclí a laghdú an acmhainneacht chun margaidh atá ann i dtaobh shaintréithe teicneolaíochta na monaróirí feithiclí nó trealaimh feithiclí, chomh maith leis na gnéithe eacnamaíocha, agus aird chuí á tabhairt ar acmhainneacht airgeadais shaoránaigh an tíre.

Ina theannta sin, níl aon ghlacadh ag an bPolainn le cuimsiú na ndíolúintí do mhonaróirí sóbhrandaí áirithe; tá an méid sin ar neamhréir leis an bprionsabal ginearálta gur cheart do gach earnáil astaíochtaí a laghdú ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de. Tráth géarchéime, ba cheart maoluithe a dhíriú ar na saoránaigh is boichte seachas monaróirí gluaisteán sóchais. Dá bhrí sin, cuireann an Pholainn in iúl go gcuireann sí i gcoinne an ghnímh reachtaigh seo.

**Ráiteas comhpháirteach ón Eastóin agus ón bhFionlainn**

Tacaímid go hiomlán leis an bpacáiste uaillmhianach 'Oiriúnach do 55' agus is díol sásaimh dúinn toradh na vótála ar an togra ón gCoimisiún i bParlaimint na hEorpa lena léirítear an comhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air sna cruinnithe tríthaobhacha.

Cé go n-aontaímid le haidhmeanna an Rialacháin maidir le hastaíochtaí ó iompar de bhóthar a laghdú i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais, is oth linn nach gcuirtear feithiclí a bhreoslaítear le gás san áireamh sa Rialachán. Ónár ndearcadh féin, tá sé tábhachtach úsáid an bhithmheatáin san iompar a chur chun cinn agus le linn na caibidlíochta rinneamar togra le haghaidh dreasacht d’fheithiclí a bhreoslaítear le gás. Ba mhaith linn a chur i dtábhacht go láidir don Choimisiún freisin an aithris maidir le clárú feithiclí a ritheann ar bhreoslaí astaíochtaí nialasacha $CO_2$ tar éis 2035.

Ar deireadh, feictear dúinn go bhfuil sé ríthábhachtach go gcoinneofaí neodracht teicneolaíochta san athbhreithniú ar na caighdeáin $CO_2$ d’fheithiclí tromshaothair.

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>**

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do rialáil aeráide atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, go háirithe maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus d’fheithiclí saothair éadroim a rialáil. Aithníonn agus dearbhaíonn an Coimisiún an cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle aithris 11 a chur sa téacs comhréitigh a comhaontaíodh i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán lena socraítear caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna nua. Glacfaidh an Coimisiún an aithris sin mar thúsphointe do thionscnaimh reachtacha faoi seach.

Mar chéad chéim, a luaithe a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán, cuirfidh an Coimisiún isteach Rialachán Cur Chun Feidhme le haghaidh cineálcheaduithe na bhfeithiclí sin, agus ar an gcaoi sin bunófar próiseas cineálcheadaithe láidir nach féidir a sheachaint le haghaidh feithiclí a bhreoslaítear go heisiach, ar bhealach buan, le breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch. Oibreoidh an Coimisiún le haghaidh imeachtaí gasta laistigh den Choiste Teicniúil um Mótarfheithiclí (TCMV) agus oibreoidh sé go gníomhach laistigh den chreat dlíthiúil chun bailchríoch rathúil a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta.

Chomh maith leis sin oibreoidh an Coimisiún gan mhoill chun aithris 11 a chur chun feidhme a thuilleadh. Tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, molfaidh an Coimisiún freisin i gcomhréir leis an gcumhachtú dlíthiúil i bhfómhar 2023, Gníomh Tarmligthe ina sonrófar an chaoi a rannchuideodh feithiclí a chumhachtaítear le leictribhreoslaí amháin le spriocanna laghdaithe astaíochtaí CO2, i ndáil le caighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus d’fheithiclí saothair éadroim a rialáil. I gcás ina ndiúltóidh na comhreachtóirí don togra, leanfaidh an Coimisiún conair reachtach eile amhail athbhreithniú ar an rialachán maidir le CO2 chun ábhar dlíthiúil an Ghnímh Tharmligthe a chur chun feidhme ar a laghad.